



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ hAOINE 6 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 3.30

Uimhir an Ionaid

Uimhir Scrúdaithe

### TREORACHA

- Déan deimhin de go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa bhosca thuas.
- Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)  
Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)  
Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3. (20 marc)  
Iomlán (80 marc)
- Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.
- Tabhair an páipear seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

**TÁBHACHTACH** Beifear ag súil leis go gcloífidh tú leis an gcur chuige a chleachtaítear sa chúrsa O.S.S.P. ó thaobh cearta daonna de agus tú ag freagairt an pháipeir seo.

Don Scrúdaitheoir		
	Ceist	Marc
Roinn 1	C1	
	C2	
	C3	
Roinn 2	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
Roinn 3	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
IOMLÁN		
Suim na n-iomlán ag íochtair na leathanach		
Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge		
MÓR IOMLÁN agus bónasmharc don Ghaeilge san áireamh		

**Ronn 1.**

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

1. Taispeánann na fótagraif seo a leanas daoine atá, nó a bhí, i gceannas ar cheann de na páirtithe polaitíochta atá liostaithe thíos. Cuir ainm ceart an pháirtí polaitíochta a bhfuil, nó a bhí, gach duine i gceannas air os comhair a g(h)riangraif. Ní **ceadmhach duit ainm aon pháirtí a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN.**

**Páirtithe: Lucht Oibre**

**Fianna Fáil**

**Fine Gael**

**An Páirtí Daonlathach.**



(a) \_\_\_\_\_



(b) \_\_\_\_\_



(c) \_\_\_\_\_



(d) \_\_\_\_\_

(4 mharc)

2. Is cuid den Aontas Eorpach **DHÁ** cheann de na heagraíochtaí seo a leanas. Cuir tic [✓] sa bhosca os comhair an **DHÁ** cheann atá ceart dar leat.

(a) Na Náisiúin Aontaithe

(b) Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

(c) Parlaimint na hEorpa

(d) Comhairle na nAirí

(4 mharc)

3. Scríobh abairt mar mhíniú ar **GACH** ceann de na coincheapa seo a bhaineann leis an gcúrsa OSSP.

Stíobhardacht \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dlí \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Idirspiléachas \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dínit Dhaonna \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Forbairt \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(10 marc)

## ROINN 2.

Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna a bhfuil na huimhreacha 1,2,3,4, orthu thíos.

Is fiú 14 marc gach ceist díobh.

### 1. Clár na dTogthóirí

Déan staidéar ar an mbileog iarratais do Chlár na dTogthóirí atá clóscríofa ar leathanach scaoilte ar leith.

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “Bileog Iarratais Chlár na dTogthóirí do Roinn 2 Ceist 1.”

Nuair a bheidh staidéar déanta agat ar an mbileog iarratais, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Agus tagairt á dhéanamh agat don roinn *Nótaí* den bhileog iarratais, ainmnigh **TRÍ** chineál daoine faoinar cheart a chinntiú go dtabharfaí eolas fúthu.

Cineál duine 1. \_\_\_\_\_

Cineál duine 2. \_\_\_\_\_

Cineál duine 3. \_\_\_\_\_ (3 mharc)

- (b) De réir na roinne *Nótaí* den bhileog, cén cineál duine **NÁR** cheart don iarratasóir a chur isteach san fhoirm iarratais?

Cineál duine \_\_\_\_\_ (1 mharc)

- (c) Ainmnigh na cineálacha toghchán ina bhfuil ceart vótála ag saoránach Briotanach nuair atá sé/sí ina c(h)ónaí in Éirinn.

Cineálacha Toghchán \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_  
(3 mharc)

- (d) I bhFómhar na bliana 2002 reachtáladh Reifreann Nice. Ainmnigh ceann **AMHÁIN** de cheisteanna móra Chonradh Nice ar iarradh ar dhaoine vótáil air i Reifreann Nice.

Ba cheist mhór: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_  
(3 mharc)

- (e) Tá líon na ndaoine óga a vótálann i dtoghchán go sonrath íseal. Míneigh go hachomair cúis **AMHÁIN** a bhfuil sé tábhachtach do dhaoine óga, a bhfuil ceart chun vótála acu, a vóta a úsáid i dtoghchán.

Cúis \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
(4 mharc)

2. **An Timpeallacht**

**Déan staidéar ar na cartúin (ceithre phictiúr) atá priontáilte ar leathanach scaoilte ar leith.**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “Cartún Timpeallachta do Roinn 2 Ceist 2.”**

**Nuair a bheidh staidéar déanta agat ar an gcartún, freagair an cheist thíos.**

- (a) Cén t-imeacht domhanda a ndéanann an cartún tagairt dó?

Is é an t-imeacht domhanda \_\_\_\_\_ (2 mharc)

- (b) Cár tharla an t-imeacht seo, agus cén bhliain?

Áit \_\_\_\_\_

Bliain \_\_\_\_\_ (2 mharc)

- (c) Cén fáth a gcreideann an fear sa chartún go dtógfaidh sé blianta ar an timpeallacht teacht chuici féin ón imeacht domhanda seo?

Creideann sé é sin toisc \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (d) Cén teachtaireacht shonrach, dar leat, atá an duine a tharraing an cartún, Martyn Turner, ag iarraidh a thabhairt dúinn faoin imeacht domhanda seo?

Is í an teachtaireacht shonrach atá Martyn Turner ag iarraidh a thabhairt dúinn.

---

---

---

(4 mharc)

- (e) Moladh loiscneoirí, le haghaidh dramhaíol a dhó, mar shlí indéanta amháin chun deireadh a chur leis an mbruscar a tháirgimid in Éirinn. Luaigh cúis **AMHÁIN** a mbeadh daoine i gcoinne loiscneoir a thógáil, **AGUS** cúis **AMHÁIN** a mbeadh siad ar son loiscneoir a thógáil.

Cúis amháin a mbeadh daoine i gcoinne loiscneoir a thógáil \_\_\_\_\_

---

---

---

Cúis amháin a mbeadh daoine ar son loiscneoir a thógáil \_\_\_\_\_

---

---

---

(4 mharc)

3. Feachtas Cárta Poist

Déan staidéar ar dhá thaobh an chárta poist “Tony, féach isteach sa tsúil orm . . .” Tá dhá thaobh an chárta poist priontáilte ar leathanach scaoilte ar leith.

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “Feachtas Cárta Poist do Roinn 2 Ceist 3.”

Nuair a bheidh staidéar déanta agat ar an gcárta poist, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Ainmnigh **TRIÚR** duine ar a bhfuil an feachtas cárta poist seo dírithe?

Ainm duine 1 \_\_\_\_\_

Ainm duine 2 \_\_\_\_\_

Ainm duine 3 \_\_\_\_\_

(3 mharc)

- (b) Cad a iarrann an feachtas ar dhaoine a dhéanamh?

Tá sé ag iarraidh orthu \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_  
(2 mharc)

- (c) Cad tá an cárta poist ag tabhairt le tuiscint d’fhéadfadh tarlú ag Sellafield, agus cén bhaint atá aige sin le tubaiste Chernobyl?

Is é an rud atá an cárta poist ag tabhairt le tuiscint \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Is é an bhaint le tubaiste Chernobyl \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)



- (d) Tabhair buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le feachtas cárta poist cosúil leis an gceann seo.

Buntáiste \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Míbhuntáiste \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(4 mharc)

- (f) Déan cur síos ar ghníomhaíocht **EILE AMHÁIN** a bhaineann le feachtas síochánta a d'fhéadfadh eagraithe an fheachtais cárta poist seo a úsáid mar thacaíocht lena gcúis pholaitíochta.

Gníomhaíocht a bhaineann le feachtas síochánta \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(3 mharc)

4. **Comhairle - Leathanach Gréasáin Eolais do Shaoránaigh**

Déan staidéar ar “Comhairle - Leathanach Gréasáin Fhoilseachán Eolais do Shaoránaigh” atá priontáilte ar leathanach scaoilte ar leith.

Ar bharr an leathanaigh léifidh tú “Leathanach Gréasáin Fhoilseacháin Chomhairle do Roinn 2 Ceist 4.”

Nuair a bheidh staidéar déanta ar an leathanach freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Faoin gceannteideal *Foilseacháin*, cén **DÁ** ghrúpa a ndéireann Comhairle go gcuireann sí a cuid foilseachán ar fáil dóibh?

Grúpa 1 \_\_\_\_\_

Grúpa 2 \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (b) Ainmnigh na teidil atá ag **DHÁ** fhoilseachán de chuid na Comhairle?

Teideal 1. \_\_\_\_\_

Teideal 2. \_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (c) Cad is ciall leis na frásanna seo a leanas, mar a úsáidtear iad i leathanach gréasáin na Comhairle?

*Daoine éagumasaithe (le míchumas)* \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Tomhaltóirí \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An buiséad bliantúil \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(6 mharc)

- (d) Tabhair cúis **AMHÁIN** a gcuirfeadh eagraíocht ar nós Comhairle faisnéis (eolas) mar seo ar an láthair gréasáin

Cúis \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

- (e) Creideann daoine áirithe gur cheart go mbeadh smacht níos déine ag an Stát ar an gcineál ábhair ar féidir a chur ar an Idirlíon nó ar féidir a rochtain ón Idirlíon. An bhfuil tú ag aontú leis an ráiteas seo? Cuir tic ✓ le tá nó níl.

TÁ

NÍL

Mínigh do fhreagra \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 mharc)

### ROINN 3.

Freagair ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna a bhfuil na huimhreacha 1,2,3,4, orthu thíos.

Is fiú 20 marc gach ceist díobh

Má bhíonn páipéar breise ag teastáil uait chun an cheist seo a fhreagairt tá sé le fáil ón bhFeitheoir Scrúduithe

#### 1. Feachtas AITHIN CINÍOCHAS

Tá socraithe ag do rang OSSP a bheith gníomhach sa Chlár Náisiúnta Feasacht um Fhrithchiníochas - **FEAHTAS AITHIN CINÍOCHAS**

- (a) Scríobh **TRÍ** phointe a chuirfeá i mbileog fheachtas frithchiníochais scoile a chuideodh le míniú ar chiníochas a thabhairt do mhic léinn. (6 mharc)
- (b) Tarraing sceitse de phóstaer a dhearfá chun mic léinn i do scoil a ghríosadh le bheith páirteach san fheachtas seo. Ba cheart duit mana cuí a chur sa sceitse, chomh maith le líníocht imlíneach nó grafach. (6 mharc)
- (c) Ullmhaigh cód cleachtais a mbeidh **CEITHRE** phointe ann do mhic léinn a chuirfeadh cosc ar chiníochas ina scoil. (8 marc)

#### 2. Cluichí Domhanda Samhraidh Oilimpicí Speisialta 2003

Tá do bhaile roghnaithe mar cheann de na bailte óstacha do na Cluichí Domhanda Samhraidh Oilimpicí Speisialta 2003. Tá tusa roghnaithe mar ionadaí óige ar an gcoiste eagraithe áitiúil.

- (a) Ainmnigh **TRÍ** eagraíocht áitiúla, seachas do scoil féin, a ndéanfá, mar ionadaí óige, teagmháil leo chun cuidiú leis an gcoiste imeachtaí a eagrú do na lúithnirí (lúthchleasaithe) cuairte. I gcás ceann **AMHÁIN** de na heagraíochtaí seo, mínigh go sonrach conas a d'fhéadfadh sí cabhair a thabhairt. (6 mharc)
- (b) Scríobh alt gearr don iris scoile ag míniú faoi na Cluichí Domhanda Samhraidh Oilimpicí Speisialta 2003, agus conas a roghnaíodh do bhaile mar bhaile óstach. I do fhreagra ba cheart duit **TRÍ** phointe éagsúla ar a laghad a lua faoi na Cluichí Domhanda Samhraidh Oilimpicí Speisialta 2003. (6 mharc)
- (c) Déan cur síos ar **DHÁ** shlí ina bhféadfadh do scoil cuidiú go gníomhach le cúrsaí óstaíochta do lúithnirí cuairte. (8 marc)

### 3. Aonad sainfheidhmeach á dhúnadh i d'ospidéal áitiúil

Tá cinneadh déanta ag an mBord Sláinte i do cheantar aonad sainfheidhmeach a dhúnadh (m.sh. aonad cúraim ailse nó aonad croí) i do ospidéal áitiúil agus an tseirbhís sin a aistriú go dtí ospidéal eile sa réigiún. Rinneadh plé ar an gceist i do rang OSSP agus shocraigh an rang tuilleadh eolais a lorg faoin scéal.

- (a) Tá beartaithe ag do rang OSSP suirbhé a chur ar siúl i do cheantar faoi chinneadh an Bhord Sláinte an t-aonad sainfheidhmeach a aistriú. Scríobh **TRÍ** cheist a chuirfeá sa suirbhé. Tabhair cúis le **gach** ceist a chur maidir leis an aonad sainfheidhmeach a bheith á dhúnadh. (6 mharc)
- (b) Luaigh **DHÁ** bhuntáiste agus **AON** mhíbhuntáiste a bhaineann le suirbhé mar seo a dhéanamh. (6 mharc)
- (c) Scríobh litir chuig Príomhfheidhmeannach an Bhord Sláinte ag tabhairt cuireadh di/dó cainteoir a chur go dtí do rang chun an dúnadh a phlé.

I do litir, mínigh don Phríomhfheidhmeannach

- cén fáth a raibh sibh ag plé na ceiste seo sa rang OSSP.
- cén fáth ar dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach do dhaoine óga a bheith eolasach i gceart faoi cheisteanna áitiúla mar an gceann seo.
- go bhfuil ar intinn agat suirbhé a chur ar siúl sa cheantar áitiúil ag fiafraí de dhaoine cad a cheapann siad faoi chinneadh an Bhord Sláinte.
- go bhfuil tusa i mbun an tsuirbhé.

(8 marc)

### 4. Gorta san Afraic

Is ball tofa thú de Dháil na nÓg (Parlaimint na nÓgánach). Tá socraithe agat rún a chur ar aghaidh ag iarraidh ar Dháil na nÓg a iarraidh ar an Aire Gnóthaí Eachtracha pacáiste cúnaimh speisialta a chur ar bun chun cuidiú le tíortha i nDeisceart na hAfraice atá ag fulaingt de bharr easpa triomaigh agus gorta.

- (a) Scríobh amach téacs an rúin a chuirfeá faoi bhráid Dáil na nÓg. (6 mharc)
- (b) Réitigh óráid mar thacaíocht don rún atá á chur ar aghaidh agat. Cuir plan gníomhaíochta **TRÍ** phointe san óráid a chuideodh chun aird an Aire Gnóthaí Eachtracha a tharraingt ar an gceist seo. (6 mharc)
- (c) Tarlaíonn gorta san Afraic arís agus arís eile. Creideann roinnt daoine gurb é ceann de chúiseanna na faidhbe ná an tslí mhíchóir lena gcaitheann tíortha sa leath thuaidh den domhan le trádáil le tíortha Afraiceacha.

Déan cur síos ar **DHÁ** shlí ina dtabharfadh do rang OSSP faoi iniúchadh a dhéanamh ar an argóint seo.

(8 marc)





